# Caidreamh le páirtithe ranga i measc leanaí scoile in Éirinn



*Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins agus foireann HBSC na hÉireann, an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.*
*Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.*

## HBSC na hÉireann

Staidéar taighde is ea Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde[1] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (An Eoraip) agus a chomhordaigh an tOllamh Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2006, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 10,334 leanbh scoile in Éirinn. Roghnaíodh na leanaí seo ó scoile-anna randamacha ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:
http://www.hbsc.org
http://www.nuigalway.ie/hbsc/

## Achoimre

Tá sé faighte amach ag HBSC na hÉireann 2006 go léiríonn 59.7% de leanaí scoile san aoisghrúpa 10-18 go bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga (56.7% buachaillí agus 62.9% cailíní). D'fhan an figiúr seo seasmhach ón mbliain 2002. (60.1%). Tá an céatadán de leanaí a léiríonn go bhfuil caidreamh dearfach acu lena bpáirtithe ranga níos airde i measc cailíní i ngach aoisghrúpa. Is san aoisghrúpa 15-17 is mó atá difríocht inscne le tabhairt faoi deara maidir le caidreamh dearfach a léiriú (cailíní 57.4%, buachaillí 50.4%). Is lú an seans go léireoidh leanaí a bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga go mbíonn siad ar meisce ó am go ham, go bhfuil siad ag caitheamh tobac faoi láthair agus go bhfuil fadhbanna coirp agus intinne acu. Is mó an seans go léireoidh siad go bhfuil togha na sláinte acu, go bhfuil siad an-sásta lena saol agus go bhfuil siad aclaí. Ó leathanach fhíoras seo na daltaí a aontaíonn nó a aontaíonn go mór leis na ráitis ' taitnaíonn na daltaí i mo rang(anna) a bheith le cheile', 'bíonn na daltaí ar a mhéad i mor rang(anna) cinéalta agus cabhrach' agus 'glacann na daltaí eile liom' socraithe mar baint comrádaí scoile dearfach.

## Cén fáth an t-ábhar seo?

Is suíomh tábhachtach atá i dtimpeallacht na scoile do leanaí ar feadh 5-7 n-uaire sa lá ar feadh deich mbliana dá saol ar a laghad. Dá réir sin, tá an-tionchar aige ar shláinte daoine óga. Ceann de na gnéithe a bhaineann le saol na scoile ná tacaíocht ó chomhpháirtithe agus léiríonn leanaí a bhfuil cara acu ar scoil go mbíonn níos lú fadhbanna síceolaíochta acu[2]. Aithnítear go mbíonn cosaint ó dhúlagar na hóige ag leanaí a bhfuil scileanna sóisialta i gcaidreamh le comhpháirtithe acu agus a shocraíonn síos go luath sa seomra ranga[3].

## Treochtaí 2002-2006

Ar an iomlán tá an céatadán de leanaí a léiríonn go bhfuil dea-chaidreamh acu fanta seasmhach ón mbliain 2002. (60.1% in 2002, 59.7% in 2006). Tá claonadh ann go dtagann laghdú ar an gcaidreamh i measc páirtithe ranga de réir mar a théann leanaí in aois.




*An céatadán de leanaí a léirigh go raibh dea-chaidreamh acu lena gcomh-pháirtithe, de réir aoise agus inscne*

## Tacaíocht ó chomhpháirtithe scoile i gcomhthéacs

- Is lú an seans go mbeidh leanaí scoile a léiríonn go bhfuil deachaidreamh acu lena bpáirtithe ranga ag caitheamh tobac faoi láthair  ná iad siúd nach bhfuil an dea-chaidreamh sin acu (13% vs. 18%).
- Is lú an seans go raibh scoláirí a léiríonn go raibh dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga ar meisce ná scoláirí nach raibh an deachaidreamh sin acu (28% vs. 38%).
- Is mó an seans go léireoidh scoláirí a léiríonn go bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga g o bhfuil siad gníomhach i gcúrsaí aclaíochta ná scoláirí nach léiríonn an dea-chaidreamh sin (56% vs. 49%).
- Is mó an seans go léireoidh scoláirí a bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga go bhfuil togha na sláinte acu ná scoláirí nach léiríonn é sin (38% vs. 26%) agus is mó an seans go léireoidh siad  go bhfuil siad an-sásta lena saol (59% vs. 36%).
- Is lú an seans go léireoidh scoláirí a bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga go mbíonn fadhbanna intinne go minic acu ná scoláirí nach léiríonn a leithéid de chaidreamh (26.6% vs. 39.9%) agus léiríonn siad chomh maith nach mbíonn fadhbanna acu le sláinte coirp chomh minic sin (28.3% vs. 40.8%)




*Céatadán leanaí ar aois 15 iad a thugann le fios go bhfuil piarthacaíocht dhearfach ar scoil, de réir tíre*

- Níl aon cheangal idir aicme sóisialta agus cáilíocht an chaidrimh a bhíonn ag scoláirí lena bpáirtithe ranga.

## Idirnáisiúnta

Rangaítear leanaí scoile in aois a 15 in Éirinn (buachaillí agus cailíní le chéile) sa tríú háit is fiche i measc 41 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Léiríonn 50% díobh go bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga. Ar an iomlán, léiríonn 75% de leanaí in aois a 11 in Éirinn (rangaithe sa dara háit déag) agus 60% de leanaí in aois a 13 in Éirinn (rangaithe sa dara háit is fiche) go bhfuil dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga.

## Impleachtaí

Mar gheall ar an gcomhcheangal atá idir caidreamh le páirtithe ranga agus roinnt tosca riosca agus athléimneachta, ní mór aghaidh a thabhairt ar an gceist a bhaineann le leanaí nach mbíonn dea-chaidreamh acu lena bpáirtithe ranga. Ba chóir dúinn na gnéithe agus na struchtúir a bhaineann leis an gcóras oideachais atá againn a scrúdú chun an taithí scoile atá ag gach leanbh a fheabhsú le béim faoi leith orthu siúd atá eisiata go sóisialta. Ba chóir go mbeadh sé mar chuspóir ag na beartais agus na cleachtais a chuirtear i bhfeidhm a leithéid d'imeallú a chosc agus a leigheas.

## Tagairtí


1. Currie, C., Nic Gabhainn, S., Godeau, E., Roberts, C., Smith, R., Currie, D., Pickett, W., Richter, M., Morgan, A. & Barnekow, V. (eag.) (2008). *Inequalities in young people's health: HBSC international report from the 2005/2006 survey.* Copenhagen: WHO Regional Office for Europe, (Health Policy for Children and Adolescents, No 5.
2. Brolin Låftman, S. & Ostberg, V. (2006). The pros and cons of social relations: an analysis of adolescents' health complaints. *Social Science & Medicine, 63*(3), 611-23.
3. Smokowski, P. R., Mann, E. A., Reynolds, A. J. & Fraser, M. W. (2004). Childhood risk and protective factors and late adolescent adjustment in inner city minority youth. *Children and Youth Services Review, 26*(1), 63-91.


Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad Beartas um Chothú Sláinte, aonad de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na leanaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna go léir a ghlac páirt sa taighde seo agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Is féidir na bileoga eolais go léir chomh maith le foilseacháin agus tuarascálacha eile de chuid an HBSC a íoslódáil ónár láithreán gréasáin: http://www.nuigalway.ie/hbsc

Déan teagmháil linn ag: hbsc@nuigalway.ie

*D'ullmhaigh Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins, Graham Brennan, Aingeal de Róiste, Clíona Fitzpatrick, Colette Kelly, Michal Molcho, Larri Walker agus Saoirse Nic Gabhainn an bhileog eolais seo.*